CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

| | |
|---|---|
| Title | Fuaras fríth is misde mhé: Aisling ghrá |
| Authors | Ní Mhurchú, Síle |
| Publication date | 2019 |
| Original Citation | Ní Mhurchú, S. (2019) 'Fuaras fríth is misde mhé: Aisling ghrá', in Breatnach, C., Ní Úrdail, M. and Ó Riain, G. (eds) Lorg na Leabhar: A Festschrift for Pádraig A. Breatnach. Dublin: National University of Ireland, pp. 343-360. |
| Type of publication | Book chapter |
| Link to publisher's version | https://www.fourcourtspress.ie/books/2019/lorg-na-leabhar-a-festschrift-for-padraig-a-breatnach/ |
| Rights | © 2019, Síle Ní Mhurchú. |
| Download date | 2026-09-23 10:40:20 |
| Item downloaded from | https://hdl.handle.net/10468/11573 |

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# *Fuaras Fríth is Misde Mhé*: Aisling Ghrá

*Síle Ní Mhurchú*

Déantús ón seachtú céad déag atá anseo: tá gach re véarsa i meadaracht shiollach agus i meadaracht aiceanta.[1] Ní fios cé a chum é. Tá an chóip is luaithe in ARÉ 23 D 4 a scríobhadh sa seachtú céad déag.[2]

## Ábhar

I gcéadlíne na haiste seo, deir an t-urlabhraí fir go bhfuil 'fríth' fachta aige. Is é atá i gceist leis an bhfocal seo ná rud ar a dtagann duine gan choinne, rud ar sochar dó é. Tá codarsnacht, mar sin, idir an focal seo agus an focal 'misde' sa líne chéanna.[3] Léiríonn an dara líne gur ar radharc mná a tháinig chuige 'i bhfísibh oidhche' atá an fear ag trácht anseo: aisling ghrá atá san aiste mar sin.[4] Úsáideann an fear meafair agus íomhánna éagsúla chun an fhulaingt a bhaineann leis an aisling a léiriú: tá sé i ngéibheann nó i mbroid ag an mbean (ll. 3, 38), tá sé creachta aici (l. 8), tá an bás ag teacht chuige (ll. 9–12; l. 32), tá a intinn millte ag 'teadhma teinne' (l. 25), tá radharc na mná á loscadh (l. 49). Faightear meafair agus íomhánna mar seo sna dánta grá leis: tá an t-urlabhraí in DG 69, aisling eile, 'i ngéibheann gráidh' ag bean (l. 12); fiafraíonn an t-urlabhraí do bhean in DG 48 an trua léi an bhroid ina bhfuil sé (l. 29); in DG 30, luann an t-urlabhraí gur 'milleadh' é mar gheall ar ghrá do bhean (l. 12). Tá mórán tagairtí don mbás sna dánta grá mar shampla DG 33 ina labhrann an t-urlabhraí leis an '[m]bean-úd do-bher ar mbás' (l. 2). Faighimid tagairtí don suaitheadh a dheineann an grá ar an intinn in DG 47 (l. 56) agus DG 63 (l. 19) agus i ndánta grá eile nach iad. Léiríonn na cosúlachtaí thuasluaite go bhfuil anáil na ndánta grá le brath go láidir ar an aisling atá faoi

1 Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le heagarthóirí na féilscríbhinne agus leis an Dr Liam P. Ó Murchú as ucht na moltaí fiúntacha a thugadar dom agus an obair seo ar siúl agam. Mé féin is cúis le haon locht atá ar an saothar.

2 T. F. O'Rahilly, *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy*, fasc. I (Dublin 1926) 30. Tá an dáta 1681 scríofa i lámh nach í lámh an phríomhscríobhaí í ar lch 173. Pléifear dátú an déantúis féin níos faide anonn.

3 Ar na haistriúcháin a thugtar ar an bhfocal 'fríth' sna foclóirí, tá 'a find, a trouvaille' (Duinn. *s.v.*) agus 'a lucky find, a treasure-trove, an unexpected gain' (eDIL s.v).

4 Tá an líne seo truaillithe, áfach: feic an plé sna nótaí thíos. Cuireann an fear in úil arís ag deireadh an dáin gur in aisling a chonaic sé an bhean: luann sé gur i lár a 'thoirchim' a chonaic sé í (l. 50). Mar leis an aisling ghrá, feic Gerard Murphy, 'Notes on aisling poetry' *Éigse* 1 (1939) 40–50 (ag 40–2).

chaibidil anseo againn.[5] Cé go bhfuil sé le tuiscint ó chur síos an urlabhraí ar a chuid fulanga go bhfuil sé i ngrá leis an mbean, ní úsáideann sé an focal ‘grá’ ná aon téarma comhchiallach leis (searc, toil, cumann): an áit is giorra a thagann sé do labhairt ar an ngrá i dtéarmaí nach mbaineann le pian agus le hanró ná l. 24 ina maíonn sé gurb í an bhean seo a ‘t[h]ogha tar cách’, ’sé sin gurb í seo an bhean a roghnódh sé thar gach bean eile ar domhan.

Labhrann an fear go díreach leis an mbean ó thus deireadh na haislinge agus tugann sé cur síos ar áilleacht a coirp i mórán de na línte. Tá sé le tabhairt faoi deara go dtugann línte fada na véarsaí i meadaracht aiceanta go leor spáis don bhfile aidiachtaí agus comhfhocail a charnadh le chéile chun an áilleacht seo a chur in úil: tá an cur síos sna rainn shiollacha níos gonta. I líne a 16 luann an t-urlabhraí gur taibhsíodh dó gur thug sé póg (‘páx’) don mbean: seo rud a thit amach le linn na haislinge, ní foláir. Is annamh a léirítear teangmháil chorpartha mar seo sna haislingí grá ach faighimid a leithéid in DG 45 ina luann an t-urlabhraí gur shín sé taobh leis an mbean a taibhsíodh dó:

Do shíneamar taobh ar thaobh,
mise is an ainnear fholtchaomh;
　　mo dhara lámh tairsi thall,
　　is lámh na taidhbhse toram. (ll. 9–12)

I ndiaidh dó an phóg a thug sé don mbean a lua, deineann an fear san aisling atá faoi chaibidil anseo againn é féin a chosaint ar lucht scaipthe ráflaí: ní fíor do dhuine ar domhan a rá gur bhain sé sásamh as corp na mná a áitíonn sé (ll. 17–20). Ní heolach dom go bhfuil tagairtí mar seo do ráflaí in aislingí grá eile ach faightear a leithéid i ndánta grá nach aislingí iad, m.sh. DG 74 ina bhfuil tagairt do ‘[l]ucht bratha’ a bhíonn ag ‘síorliamhaint’ ar an urlabhraí agus ar an mbean a bhfuil sé i ngrá léi (l. 29).[6]

I dtreo dheireadh na haislinge, tugann an t-urlabhraí faoi áiteamh a dhéanamh ar an mbean fóirithint a dhéanamh air: is ‘náireach’ an bheart aici é a fhágaint i ndaoirse (l. 29 agus l. 31), agus is mór an t-iontas é go bhfágann sí é gan fuascailt (ll. 41–4) agus i nguais (ll. 45–6). Tagraíonn an t-urlabhraí d’ardstádas na mná — is ‘de shíol na dtriath dtoirbheartach’ í (l. 42) agus tugann sé le fios nach mbeifí ag súil le hiompar mar seo ó dhuine dá sórt. Baineann sé úsáid as an gceistiúchán san áiteamh, á fhiafraí di an bhfuil sé i gceist aici é a shaoradh (ll. 33–6), an saorfar go brách é, nó an mbeidh sé gan fuascailt go deo (ll. 37–40). Ar deireadh thiar, admhaíonn sé go bhfuil

5 D’fhéadfaí an t-áiteamh céanna a dhéanamh mar gheall ar an gcuid eile de na haislingí grá a cumadh sa séú agus sa seachtú céad déag. Pléitear an gaol gairid atá idir na dánta grá agus na haislingí grá in Seán Ó Tuama, *An grá i bhfilíocht na n-uaisle* (Baile Átha Cliath 1988) 64 agus 83 (fo-nóta 100).

6 In DG 74, áfach, is trua leis an urlabhraí nach bhfuil na ráflaí fíor.

sé loiscthe ag radharc na mná ach impíonn sé uirthi gan imeacht uaidh mar gurb é a radharc an radharc is fearr dá bhfaca sé riamh. Léiríonn an méid seo paradacsa an ghrá: tá an fear scólta ag radharc na mná ach ní mian leis maireachtaint gan é.

An léamh is dírí is féidir a dhéanamh ar an aisling seo ná gur dán grá í ina léirítear grá fir do bhean. Is é is dóichí ná gur fear a chum í pé acu an iad a mhothúcháin féin atá á gcur in úil aige nó an *persona* atá á chur i láthair aige san urlabhraí.[7] Is deacair a dhéanamh amach an bhfuil an t-urlabhraí seo ag labhairt go sollúnta nó an bhfuil sé ag dul thar fóir ina chur síos ar an bhfulaingt a bhaineann leis an ngrá. D'fhéadfadh idir shúgradh is dháiríre a bheith i gceist, mar a bhíonn sna dánta grá.[8] Tharlódh sé, leis, gur mar dhán molta ar bhean shaolta a cumadh an aisling, mar a bhí i gceist i gcás chuid de na haislingí grá eile.[9] I ndánta áirithe, úsáidtear friotal an ghrá chun an gaol idir an file agus a phátrún fireann a léiriú ach níl aon fhianaise sa téacs, dar liom, gurb in é atá i gceist anseo.[10]

Léiríonn an dúnadh ag deireadh líne 52 gur ansin a stadann an aiste ach tá dhá véarsa scríofa ina diaidh sa dá chóip lámhscríbhinne a tháinig anuas chugainn. Tá ceangal téamúil acu leis an aiste agus ní foláir nó gurb in é an fáth gur scríobhadh ina diaidh iad: sna véarsaí seo, labhrann fear le bean atá beag beann air. Sa chéad véarsa, úsáideann an fear meafar a bhaineann leis an iomáint chun a chasadh leis an mbean a oilte is atá sí 'ag coimeád chúil' nó ag cosaint a hóghachta. Tá an friotal sa dara véarsa garbh go maith: deir an fear leis an mbean gur chóir béalshrian a chur uirthi mar a chuirfí ar chapall mar go bhfuil sé ar mire aici. Tá fearg fhrithbhanda le brath ar an dá véarsa seo, murab ionann is an aisling lenar cuireadh iad agus na haislingí grá eile: éadóchas an fhir an mothúchán is láidre a léirítear iontu seo.

## Foirm

'Aiste chonchlainn' a thugann Torna ar dhá dhéantús in *oeuvre* Sheáin Uí Mhurchú na Ráithíneach (1700–1762) a bhfuil gach re véarsa iontu i meadaracht shiollach agus i meadaracht aiceanta agus conchlann idir gach véarsa acu: úsáidfear an téarma sin anseo leis de bhrí go n-oireann sé don

7 Is annamh a d'úsáideadh banfhilí *persona* fireann i bhfilíocht an seachtú go dtí an naoú céad déag. Feic Máirín Ní Dhonnchadha, 'Two female lovers' *Ériu* 45 (1994) 113–19 (ag 114–15).

8 Pléitear an tréith seo de chuid na ndánta grá in Robin Flower 'Introduction' in Thomas F. O'Rahilly, *Dánta grádha. An anthology of Irish love poetry 1350–1750* (Cork, 1926) xi–xxxiv (ag xix).

9 Murphy, 'Notes on aisling poetry' 41–2.

10 Luaitear dhá shampla de seo in James Carney, 'Thomas Costello and O'Rourke's wife' *Celtica* 1/2 (1950) 281, fo-nóta 1.

téacs atá á phlé. [11] Faightear aistí conchlainn ar théamaí éagsúla i saothar filí a bhí i mbun a gceirde sa seachtú céad déag agus isteach san ochtú céad déag. Ar na haistí seo, tá: 'Fáilte Í Cheallaigh' a chum Dáibhí Ó Bruadair (1625–1698) do Sir Séamus Mac Coitir thart ar an mbliain 1692;[12] 'An Dán Breac', dán cráifeach le Séamas Dall Mac Cuarta (*c.*1647–1733);[13] *Ní dual nách aithmhéalach Art* le hAindrias Mac Cruitín (*c.*1650–1738), giota as aighneas fileata;[14] *Iomdha teist ughdair ar Eóin* a chum an tAthair Eoghan Ó Caoimh (1656–1726) don Easpag Eóin Baiste Mac Sleighne uair éigin idir 1697 agus 1702;[15] *Iarsma beag iarrfad, ciodh dánacht uaim* le Seán Ó Murchú na Ráithíneach ina lorgaíonn sé iasacht lámhscríbhinne ar Dhomhnall, mac Uilliam Mhic Cairteáin, agus *Is mairg ar cuaird tug cuallacht thábhachtach shéimh* leis an bhfile céanna ina n-iarrann sé ar ghabha gan gaolta leis a thug ruathar ar a cheártain agus iad ar meisce a ghearán leis an ngiúistís;[16] *Ós follas don chléir*, aoir le hEoghan Rua Ó Súilleabháin (1748–1784).[17] Tá aiste chonchlainn dar tús *Uch, a bhreac, do bhás* agus a phléann le bás bó scríofa i ndiaidh *Fuaras fríth* sa dá lámhscríbhinn inar tháinig sé anuas chugainn.[18] Is dócha gur mar gheall ar an gcosúlacht foirme a scríobhadh an dá dhéantús seo le chéile sa lámhscríbhinn: níl aon fhianaise sa dá théacs, áfach, a thabharfadh le fios gurb é an file céanna a chum iad. Léiríonn na samplaí atá luaite anseo agam go samhlaítí foirm na haiste conchlainn le téamaí éagsúla.

Tá roinnt aistí conchlainn eile ar an ngrá sna lámhscríbhinní, mar leanas: *Aoibhinn an galar é an grádh* i Leabhar Dearg Chlann Raghnaill a scríobhadh in Uibhist a Deas sna blianta *c.*1686–1727;[19] *Mithe dhamh fuireach go mín* a bhfuil cóipeanna di in dhá lámhscríbhinn a bhaineann le contaetha an Chabháin agus Fhear Manaigh agus a scríobhadh i ndeireadh an seachtú céad déag, mar atá BL Additional 40766 a scríobhadh i mbarúntacht an Mhachaire

11 Feic Torna, *Seán na Ráithíneach* (Baile Átha Cliath 1954) 386 agus 391. Tugann sé 'amhrán conchlainn' ar dhéantúis ina bhfuil gach véarsa i meadaracht aiceanta agus conchlann eatarthu. Feic *ibid*., 407–8. Tá na hamhráin chonchlainn i bhfad níos líonmhaire i saothar Sheáin na Ráithíneach.

12 John C. Mac Erlean, *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair. The poems of David Ó Bruadair* III. Irish Texts Society XVIII (London 1917) 186–93.

13 Seán Ó Gallchóir, *Séamas Dall Mac Cuarta: dánta* (Baile Átha Cliath 1979) 59–62.

14 Liam Ó Luaighnigh, *Dánta Aindréis Mhic Cruitín* (Innis 1935) 37–8.

15 Tórna, 'An tAthair Eoghan Ó Caoimh: a bheatha agus a shaothar' *Gadelica: a Journal of Modern Irish Studies* 1/3 (1913) 163–70 (ag 164–7).

16 Torna, *Seán na Ráithíneach* 76–7 agus 96–7.

17 Pádraig Ua Duinnín, *Amhráin Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin, maille le beathaidh an fhilidh agus foclóir* (Baile Átha Cliath 1901) 65–6.

18 Feic 'Foinsí an téacs' thíos.

19 Feic Ronald Black, 'The Gaelic manuscripts of Scotland' in *Alba agus a' Ghàidhlig*, eag. W. Gillies (Edinburgh 1989) 146–74 (ag 156 n. 21). Tá an aiste chonchlainn ar lch 292 sa lámhscríbhinn agus tá eagrán dioplómaitiúil di i gcló in Alexander Cameron, Alexander Macbain, John Kennedy, *Reliquiae Celticae. Texts, papers and studies in Gaelic literature and philology* 2 (Inverness 1894) 288–9.

Steafánaigh i gContae Fhear Manach[20] agus TCD 1381 (H.5.9) a chuir scríobhaithe éagsúla de mhuintir Raghallaigh le chéile;[21] *Rabhradh ón éag grádh do mhnaoi* a bhfuil cóipeanna di in BL Egerton 172 a scríobh Pádraig Ó Prontaigh sa bhliain 1759, in 12079 M (Cnuasach Meyer, Learpholl) a scríobh Maolmuire mac Paralán [*sic*] in 1776 nó 1777 agus in BL Additional 18749 a scríobh Donnchadh Mag Oireachtaigh sa bhliain 1792.[22] Ní fios cé a chum na dánta seo.

Tá an conchlann féin le fáil i bhfad siar i bhfilíocht na Gaeilge: *fidrad freccomail* an gnáththéarma a úsáidtear agus an luathfhilíocht á plé.[23] Feidhm amháin atá le conchlann ná gur dheacair d'fhile eile a thiocfadh níos déanaí véarsaí breise a chur le téacs má tá conchlann eatarthu, mar a mhínigh an scríobhaí Pádraig Ó Dálaigh ó Ghleannúir, Contae Chorcaí i nóta a scríobh sé thart ar an mbliain 1849:

> … a style of composition antiently called conachlann but now its title is more applicable viz dann slabhra or linked verse because every stanza must begin with the same word that ends the preceeding one and the poem itself must conclude with the same word with which it begins… This style of composition was first invented to prevent interpolation.[24]

Luaigh Carney go raibh an *fidrad freccomail* i bh*Féilire Óengusso* agus i bhfilíocht Bhlathmhaic chomh scaoilte sin nach bhféadfadh feidhm chuimhneolaíoch ('mnemonic purpose') a bheith leis agus is éard a bhí ann,

20 Fóilió 85r sa lámhscríbhinn.

21 Tá an téacs seo scríofa i ndiaidh *Buaidheartha an giolla é an grádh* (DG 62) ag barr leathanaigh 77 sa lámhscríbhinn ach ní luaitear sa chatalóg é; T. K. Abbott agus E. J. Gwynn, *Catalogue of Irish manuscripts in the library of Trinity College, Dublin* (Dublin 1921) 236–40 (ag 237).

22 BL Egerton 172, f. 63r, 12079 M, lch 87 agus BL Additional 18749, f. 126r. Tá téacs Egerton 172 níos cruinne ná téacs Additional 18749 ach tá ocht rann in easnamh as mar go bhfuil bileog ar iarraidh ón lámhscríbhinn. Bhí Robin Flower den tuairim gur cumadh an déantús seo i gContae Fhear Manach sa dara leath den seachtú céad déag. Féach *Catalogue of Irish manuscripts in the British Library [fomerly British Museum]* II (Dublin, reprint 1992) 122. Tá giotaí den téacs seo a chóipeáil Éadbhard Ó Raghallaigh (1765–1830) sa naoú céad déag in BL Egerton 154, f. 64r agus BL Egerton 146, f. 21v. Tá 'An Dán Breac' mar theideal ar an gcóip de *Rabhradh ón éag grádh do mhnaoi* in BL Egerton 172; cf. 'An Dán Breac' le Séamas Dall Mac Cuarta a luadh thuas. Tá rainn shiollacha gan conchlann eatarthu sa dán leis, áfach. '[A] didactic poem ... on [the] folly of love' an cur síos atá ag Ailfrid Mac Lochlainn ar an dán seo in 'Irish manuscripts at Liverpool' *Celtica* 4 (1958) 217–38 (ag 236).

23 Feic James Carney, 'Linking alliteration (*fidrad freccomail*)' *Éigse* 18/2 (1981) 251–62. Luann Carney go bhfuil an téarma 'conachlann' neamhchoitianta go leor (ag 252).

24 Tá an nóta seo scríofa in LNÉ G 122, lch 153. Feic Nessa Ní Shéaghdha, *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland*, fasc. IV (Dublin 1977) 21. Is féidir na rainn shiollacha in *Fuaras fríth* a léamh mar théacs iontu féin — d'fhéadfadh sé, b'fhéidir, gur 'interpolation' nó idirshliocht atá sna véarsaí.

dar leis, ná 'the mechanical retention as a mere literary ornament of a feature that in the earlier oral stage of Irish poetry had a precise and useful function'.[25] Cé go raibh Tadhg Ó Donnchadha den tuairim gur 'i dtreó gurab usaide an tAmhrán do mheabhrú' a chuirtí conchlann idir véarsaí, dhein sé rangú air mar ornáid ina chur síos ar phrosóid na filíochta aiceanta.[26] Tá déantúis eile i meadarachtaí measctha tagtha anuas chugainn nach bhfuil conchlann idir na rainn agus na véarsaí iontu: luann an tOllamh Breatnach go raibh déantúis mheasctha (le conchlann nó gan conclann) coitianta sa seachtú céad déag agus léiríonn sé gur dócha go gcantaí iad mar a chantaí an dán díreach agus na laoithe fiannaíochta.[27] Dán díreach atá sna rainn shiollacha in *Fuaras fríth*, rud a thugann le fios gur file gairmiúil a chum é agus go mb'fhéidir gur sa chéad leath den seachtú céad déag nó níos luaithe ná sin a cumadh é. Ní féidir dáta cruinn a chur leis, áfach, mar níl ainm an fhile againn agus níl aon tagairtí sa téacs féin do phearsana ná d'ócáidí stairiúla.

## Foinsí an Téacs

Tá an chóip is luaithe de *Fuaras fríth* in ARÉ 23 D 4 (D) agus tá sí scríofa ag deireadh shraith de dhánta grá a ritheann ó lgh 383–400.[28] Is foinse thábhachtach do na dánta grá an lámhscríbhinn seo óir tá cóipeanna de naoi ndán grá is fiche de na dánta a foilsíodh in eagrán 1926 de *Dánta Grádha* le fáil inti — níos mó ná mar atá in aon lámhscríbhinn eile a tháinig anuas chugainn.[29] Dánta siollacha ar fad atá i gcnuasach an Rathiligh cé go bhfuil véarsa nó dhó i meadaracht aiceanta ina ndeireadh ag cuid acu:[30] is dócha gurb in é an fáth nár chuir sé eagar ar *Fuaras fríth*. Tugann an litriú sa lámhscríbhinn le fios gur Mhuimhneach ab ea an scríobhaí ach ní fios cérbh é féin ná cé dó a bhí sé ag scríobh.[31] Tá cóip eile de *Fuaras fríth* i gcuid (b) de MN C 87 (C), cóip a dhein Eoghan Ó Comhraí (1794–1862) sa naoú céad

25 James Carney, *The poems of Blathmac son of Cú Brettan, together with the Irish gospel of Thomas, and a poem on the Virgin Mary*. Irish Texts Society XLVII (Dublin 1964) xxx.

26 Tadhg Ó Donnchadha, *Prosóid Gaedhilge* (Corcaigh agus Áth Cliath 1925) 35.

27 Pádraig A. Breatnach, 'A musical link between *dán* and *amhrán*' *Ceol* 4/4 (1981) 102–9 (ag 106).

28 Tugtar uimhir sheilfe na lámhscríbhinne seo in Brian Ó Cuív, *The Irish bardic duanaire or "poem book": the R.I. Best Memorial Lecture delivered by Professor Brian Ó Cuív to the National Library of Ireland Society in the National Gallery of Ireland on 10th May, 1973* (Dublin [1974]) 11. Caithfidh gur dearmad cló é seo mar is léir gur do ARÉ 23 D 14, cóip d'fhormhór Dhuanaire na Nuinseannach, a bhí Ó Cuív ag tagairt.

29 Feic O'Rahilly, *Dánta grádha* viii. Tá cuntas níos iomláine ar na dánta grá atá in ARÉ 23 D 4 le fáil in Síle Ní Mhurchú, 'Observations on the manuscript sources for the *dánta grá*' *Celtica* 29 (2017) 199–250 (ag 212–17).

30 DG 3, 12, 34, 37, 74, 77, 84, 91, 92, 100.

31 O'Rahilly, *Catalogue of Irish manuscripts* 30.

déag.[32] Tá mórán téacsanna i gcoiteann ag C agus D agus tá an gaol idir an dá lámhscríbhinn pléite ag Máirín Ní Dhonnchadha: tá sí den tuairim go bhfuil na cóipeanna den dán dar tús *Déanam fán moine so soir* in C agus D 'independently derived from the same exemplar'.[33] Chiallódh sé sin go raibh lámhscríbhinn eile mar fhoinse ag Ó Comhraí, lámhscríbhinn a chuaigh ar bóiléagar i ndiaidh di a bheith ina sheilbh. Bhí teacht ag Ó Comhraí ar D leis, áfach: tá túslitreacha a ainm scríofa ar an lámhscríbhinn sin.[34]

Níor soláthraíodh léamha as C de bhrí nach bhfuil aon mhalairtí substaintiúla ann ach úsáideadh é chun bearnaí atá i dtéacs D a líonadh. Nuair a gearradh an bhileog ar a bhfuil an téacs in D, cailleadh deireadh chuid de na línte ar lch 399 agus tosach chuid de na línte ar lch 400. Ina theannta sin, tá an chiumhais inmheánach stractha in áiteanna agus tá smáil bheaga ar an mbileog a fhágann go bhfuil cuid de na litreacha doléite. Sa chás gur tógadh léamh ó C, pléitear é sin sna nótaí thíos. Ní i gcónaí a sholáthraíonn C léamha sásúla, áfach, agus sílim gurb éard atá i gcuid de na léamha difriúla in C ná iarrachtaí Uí Chomhraí bearnaí sa téacs a bhí á chóipeáil aige a líonadh. Níl pátrún seachadta *Fuaras fríth* sna lámhscríbhinní bun os cionn leis na dánta grá atá in D: cé go bhfuil cuid acu le fáil i mórán lámhscríbhinní, tá aon dán grá dhéag ann nach bhfuil le fáil ach in D agus C.[35]

## Eagarthóireacht

Tá an litriú tugtha chun rialtachta chomh fada agus ab fhéidir é sin a dhéanamh gan cur isteach ar riachtanaisí na meadarachta agus na gcomhfhuaimeanna. Pléitear na hathruithe a deineadh agus foirmeacha mírialta sna nótaí agus tugtar litriú na lámhscríbhinne sna léamha ag deireadh an téacs. Is iondúil gur gá focail a rá de réir fhuaimeanna na gnáthchainte sna véarsaí aiceanta: tá na focail *bhraighidgheal* (5) agus *chubhartha* (13) déshiollach; tá na focail *radharc* (8), *domhan* (21), *práidhinn* (21), *ríghe* (21), *d'fhagháil* (22), *slighe* (22), *bhuidhe* (23), *togha* (24), *nimhe* (38), *chughainn* (38), *thruaighe* (48) aonsiollach. Ní mór an focal *chugainn* (32) a rá le dhá shiolla ann, áfach. Sna rainn, caithfear na focail seo a leanas a fhuamniú le a dó nó a trí cinn de shiollaí: *bhraghaidgheal* (4), *saoghail* (10), *luighe* (19), *domhan* (20),

32 Pádraig Ó Fiannachta, *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad*, fasc. VI (Má Nuad 1969) 16–17.

33 Ní Dhonnchadha, 'Two female lovers' 116. Luann Ní Dhonnchadha go bhfuil véarsa i measc na dtéacsanna as D atá in C, véarsa nach bhfuil in D féin. Is é sin an véarsa dar tús *A shaoghuil bhreaguidh ní fhuil eifeacht ann do chor* ach ní fíor nach bhfuil sé le fáil in D. Tá sé scríofa ar leathanach 220 in D ach tá sé cláraithe sa chatalóg mar chuid den dán a thagann roimhe .i. *A shaoghail, ón a shaoghail*.

34 O'Rahilly, *Catalogue of Irish manuscripts* 31.

35 Is iad sin DG 21, 22, 25, 36, 37, 59, 67, 70, 80, 89, 98.

*amharc* (51), *radharc* (2, 49, 52). Caithfear focail áirithe sna véarsaí a rá le défhoghar nó le guta fada agus ní leis an bhfuaimniú a bheadh orthu go stairiúil, mar a léiríonn an cur síos a thugtar thíos ar dheilbh na meadarachta. Luaitear gnéithe eile den bhfuaimniú sna nótaí téacsúla thíos. Cuirim réiltín in aice le línte sa téacs a bhfuil athrú substaintiúil déanta orthu.

## Noda

Sa lámhscríbhinn, scríobhtar stróic móide ponc in ionad an tsiolla neamhaiceanta ag deireadh focail go minic. Mar a leanas a scaoileadh na noda seo: *ndathaigh* (6), *chrathaigh* (7), *tiocfaidh* (12), *shaoradh* (36). Pléitear cásanna eile nach bhfuil chomh soiléir sin ar fad sna nótaí.

## An Mheadaracht

Dán díreach atá sna rainn. Tá téacs na lámhscríbhinne truaillithe in áiteanna agus deineadh leasú air: pléitear na leasuithe seo sna nótaí thíos. Deibhí atá sna rainn go léir. Tá cúig aiceann i ngach líne sna véarsaí ach ní hionann patrún na ngutaí aiceanta i ngach ceann acu. Tá uaim i gcuid mhaith de línte na véarsaí agus tá comhfhuaim idir an dara agus an tríú céim sa líne i ngach véarsa.

| | |
|---|---|
| 5–8 & 13–16 | (⏑) əi ⏑ \|a ⏑ \|a ⏑ \|ú ⏑ \|á[36] |
| 21–4 | (⏑) ou ⏑ \|á ⏑ \|á ⏑ \|é ⏑ \|í |
| 29–32 | (⏑) á ⏑ \|u ⏑ \|ü ⏑ \|í ⏑ \|í[37] |
| 37–40 | (⏑) é ⏑ \|í ⏑ \|í ⏑ \|ua ⏑ \|ú |
| 45–8 | (⏑) ü ⏑ (⏑) \|ua ⏑ \|ua ⏑ \|a ⏑ (⏑) \|o |
| | *** |
| 1–8 | (⏑) é ia \|a ⏑ ⏑ \|a ⏑ ⏑ \|a/u á \|ú[38] |

Mar a luadh cheana, tá conchlann idir na rainn agus na véarsaí: *bhás*: *bás* (8, 9), *páx*: *mo shásadh* (16, 17), *domhan*: *an domhan* (20, 21), *díbh*: *díbh* (24, 35), *adhnár*: *náireach* (28, 29), *inn*: *innis* (32, 33), *shaoradh*: *an saorthair*

36 Mar le fuaimniú líne 13, feic an nóta thíos a ghabhann léi.

37 D'fhéadfadh an guta a bheith gearr anseo leis.

38 Caithfear guta cúnta a chur isteach sna focail seo a leanas: leanbhdha (1), anma (3), garbh (6), Banbha (7).

(36, 37), *gan fhuascladh ar th'úidh*: *gan fhuasgladh* (40, 41), *is iongnadh uaibhsi*: *'s iongnadh uaibhsi* (44, 45), *bocht*: *och* (48, 49).[39] Tá deireadh línte 4 agus 12 caillte agus úsáideadh tosach na línte a leanann iad chun iad a athchruthú, mar a mhínítear sna nótaí téacsúla.

## An Téacs

Fuaras fríth is misde mhé:
radharc i bhfísibh oidhche*
id ghéibheann tnúidh dom thaighdeadh,
a mhéirsheang bhúidh bhraghaidgheal.*

A bhraighidgheal mhaiseach bhreathcheart bhúidh go mbáidh,
soillse id leacain ndathaigh n-úrghloin n-áidh
is coinnle an chasfhuilt chrathaigh chúrsaigh thláith:
a radharc, a n-aithle chreach mhe is mh'úidh ar bhás

Bás atuirseach tríom as-toigh
ghearrfas fós fréamh ar saoghail:
trém thaoibh ód chiontaibh le ceilg,
tiocfaidh ina chaoir chroidheirg.*

A chroidhearg-ghuib bhalsaim bhlasta chubhartha cháidh
an mhoillruisc ghlais ar dath an drúchta ar lár,
a ghreadhnaigh dhreachgheal data is úire scáil,*
do taidhbhseadh damh gur radas sunn duit páx.

Mo shásadh ód cholainn chriadh
fuaras, a chasfholt claidhchiabh,*
dar an luighe fa díor dhamh,
ní fíor do dhuine ar domhan.

An domhanso ' mhnáibh i bpráidhinn go léir i m'ríghe
is rogha 'on táin-sin d'fhagháil i mbéal na slighe,
a lonnruisc láinleisc sháimh an éarla bhuidhe
togha tar cách go brách do-ghéanainn díbh.

---

39 Seans go soláthraíonn an guta fada 'a' sna focail *páx* agus *sásadh* i línte 16 agus 17 conchlann. Tá mírialtacht i línte 40 agus 41 mar nach ndeintear athrá ar an bhfocal *úidh*. B'fhiú anailís a dhéanamh ar na slite éagsúla a ndeintear conchlann sa bhfilíocht, mar a dhein Cáit Ní Dhomhnaill ar an ndúnadh i bhfilíocht na scol; feic Cáit Ní Dhomhnaill, 'Closure in bardic poetry' *Celtica* 14 (1981) 47–61. Tá cuid de na solaoidí de chonchlann a fhaightear sa dá dhán le Seán na Ráithíneach a luadh cheana níos casta ná na conchlainn a fhaightear san aisling atá fé chaibidil againn anseo.

Díbh táinig teadhma teinne
do theacht d'argoin mh'intinne,
a ghoirmdhearcach, a ghlór sámh,
a ógh oirbheartach adhnár.

Náireach dhuit, a bhruinneall bhíthe bhinn
an bháinchnis bhuig is gile lí don droing,
an cás 'nar chuiris sinne i ndaoirse thinn:
an bás san ursain chugainn chlaoifeas inn.

Innis damh gidh docair lat
ó tú san éigean umat,
ós daoire do chách ar gcor,
gá tráth shaoile mo shaoradh?

An saorthair choidhche, a chaoinghuib chuanna chiúin,
mé ón daorbhroid nimhe seo bhuailis chughainn
nó, a bhéal na bhfuighle bhfíre an uainruisc úir,
an é mo chrích bheith síor gan fhuascladh ar th'úidh?

Gan fhuasgladh, a fholt chleachtach
de shíol na dtriath dtoirbheartach,
sinne gan ionnramh, tinn, te:
dar linn, is iongnadh uaibhsi.

'S iongnadh uaibhsi, a stuaire leanbhaidhe bhog,
' oinigh is uaisle is buaidh na n-airdríogh ort:
mheisi, monuar, san nguais-sin — mh'fhairbhríogh is mh'och —
gan duine don tsluagh mo thruaighe mar támaoid bocht.

Och! radharc is loscadh linn
fríoth liom ar lár mo thoirchim;
ar mh'amharc ná gearr an glas:
radharc is fearr dá bhfuaras.

***

A chaorghrian leanbhdha leacan is leathbhán crú
na gclaonchiabh gcamarsach, gabhaidh-se camán chughaibh
's a shaormhian mh'anma, is fearra san iomáin tú
ná aon dias d'fhearaibh an tailimh-se ag coimeád chúil.

A chraobhfhial charthannach chailce na nglas-sámh-súl
béalshrian garbh is gearra nách faláir chughaibh
’s tré iath Banbha meastar, a bheangáin bhúidh,
gur baoghal Dia i bhflaitheas dod bheartaibh dom char fá phúir.*

## Léamha na Lámhscríbhinne

As D na léamha muna gcuirtear a mhalairt in úil. Níor tógadh léamh as C ach nuair a bhí bearna i dtéacs D.

**1** mhe **2** do r., a, bhfisibh **3** od, gheabh*ea*n*n*, tnúith, thedhgeadh **4** mhé*ir* seang, bhúig, bh*ra*igh (D), br*ai*ghe (C) **5** braighidgheal, bhreithceart **6** soillsi, ad **7** chúrsaidh **8** anaithle, mhúidh **9** atuirsioch, astig **10** ghe*arr*fus, préamh, sa[] (D), saoighil (C) **11** trem, chiontuidh **12** na, c*ro*i[] (D), c*ro*idh (C) **13** chroidh dh*ear*gghuib bhalsuim bhlasda chubhurrtha **14** mhoill ruisc, dru*cht*a **15** agroid- dhr.**16** rad*us* **17** od, chriaidh **18** go bhfu*arus*, cla[] (D), claidhreidh (C) **19** luidhe, dír **20** fír **21** abraing, am, righe **22** an, táinsin, dfaghail, mbél **23** lon*n*ruisg, láinleisg, éala *ceartaithe go* éarla **24** dheanoin*n* **25** tháinig **26** d*ar*goin **29** []áireach (D), naireach (C), bhruin*n*ioll **31** a, ndaoirsi **32** sa nursoin, chugoin*n*, sin*n* **33** leat **34** eigean **35** cha[t]h (D), chath (C), ccor **36** ga **37** []n saortuir (D), an s. (C) **38** me, on, so, chughoin*n* **39** abél **40** bhfuasgla **41** []an (D), gan (C), bhfuasgladh **42** do, tt*ri*ath, tto*ir*bh*ear*t[] (D), ttoirb*ear*tach (C) **43** sin*n*, ion*nrad*h, teinn **45** stúairigh, leanbuidhe, bog **46** oinidh **47** mheisi, nguaisin, mhfairbhriogh **48** thruaigh, tamaoid **49** []ch (D), ach (C), do r. **51** na **52** bhfu*arus*.

**1** [a] ch. (D), a ch. (C), leanbdha **2** cclaon chiabh, ccamarsach, gabhaidhsi, cumán, chughoibh (D) **3** sa shaor mhian*n* **4** na, dfe*ar*oibh, tailimhsi, a coim*eád* **5** chraobh fhial, c*ar*thanach, cailce, nglas sámh sul **6** bél shrían, as, foláir **7** stre, bheangain **8** a bhflaitheas, bheartuibh, thanat[].

## Nótaí

**2** Tá an líne seo truaillithe: tá ocht siolla inti sa dá lámhscríbhinn agus níl aon uaim inti. Baineadh amach an focal *do* ag tús na líne chun líne le seacht siolla a sholáthar: slí eile chun é seo a dhéanamh ná an focal *físibh* a chur san uimhir uatha, ar ndóigh. Ba ghá ceann de na hainmfhocail sa líne a athrú chun uaim a sholáthar.

**3** Scríobhadh *gheabhenn* ar dtús ach scriosadh amach an litir ‘e’ a

bhfuil líne fúithi agus scríobhadh E ard a sheasann do 'ea' os a cionn. Caithfidh gurb é an focal 'géibheann' ba chóir a bheith anseo. Cf. 'bean 'gá mbím i ngéibheann gráidh' (DG 69: 12).

Is fearr a oireann *id* seachas *od* na lámhscríbhinne don mbrí anseo, i.e. an réamhfhocal 'i' agus an aidiacht shealbhach dara pearsa uatha.

Deineadh an leasú *tnúith* > *tnúidh* anseo chun comhardadh slán a sholáthar leis an bhfocal *bhúidh* i líne 4.

**4** Tá deireadh na líne caillte in D. Tá siolla fós in easnamh ar an líne in C agus ní thugann léamh C comhardadh le *thaighdeadh*. Athraím *bhraigh* (D), *bhraighe* (C) go *bhraghaidgheal* mar go soláthraíonn sé seo conchlann leis an gcéad líne eile agus comhardadh slán le deireadh líne 3. Tá an aidiacht 'brághaidgheal' le fáil sa dán dar tús *Do b'fhearr mo sheachna, a Shíle* (AithD 41.8b): 'meise, a bhaisréidh bhrághaidgheal'.

*a mhéirsheang*: ainmfhocal atá sa bhfocal *seang* anseo .i. 'a graceful person'. Faighimid an comhfhocal seo ag tagairt d'fhear sa dán *Teach carad do-chiu folamh* le Gofraidh Fionn Ó Dálaigh (DD 116.22c) agus úsáidtear é chun uaisleacht an duine ar a dtugtar é a chur in úil: feic eDIL *s.v. mér* (1).

**5** *bhreathcheart ... go mbáidh*: tá an fear ag súil anseo go dtabharfaidh an bhean dea-bhreithiúnas air agus go léireoidh sí a bá dhó. Is é atá sa lámhscríbhinn ná *bhreithceart* ach is fearr a oireann an fhoirm *bhreathcheart* do dheilbh na meadarachta.

**6** *soillse*: 'brightness', 'luminosity' nó a leithéid atá i gceist. Cf. ''s an bhráighe shaor sholas shéimh' (DG 1: 14), 'a chneas solas saor' (DG 36: 17). Is é an défhoghar /əi/ a fhaighimid sa bhfocal *soillse* anseo agus sna focail *bhraighidgheal* (l. 5), *coinnle* (l. 7) agus *moillruisc* (l. 14).

*leacain*: sa tabharthach uatha anseo. Tugtar samplaí d'urú ar aidiachtaí sa tuiseal tabharthach uatha in Brian Ó Cuív, *Párliament na mBan* (Dublin 1952) 178.

*n-áidh*: an tuiseal ginideadh de 'ádh', 'lucky, fortunate, blessed' á úsáid mar aidiacht cháilíochta.

**7** *coinnle*: tagairt do chrot na bhfáinní gruaige, a thagann anuas mar choinnle reo nó anuas mar chéir leáite na coinnle.

**8** *a n-aithle*: *anaithle* atá sa dá LS. Glacaim leis gurb í an aidiacht shealbhach sa tríú pearsa iolra atá anseo agus go dtagraíonn na focail seo do na háilleachtaí a luadh níos túisce sa véarsa.

*mh'úidh*: tá na focail seo scríofa mar aon fhocal amháin sa dá LS ach glacaim leis gurb iad an aidiacht shealbhach 1 u. agus an t-ainmfhocal 'úidh' atá ann.

**10** *fréamh*: 'préamh' atá sa lámhscríbhinn ach athraíodh é seo chun uaim a sholáthar sa líne. Maidir leis an meafar seo mar chur síos ar leochaileacht an fhir, cf. 'soibhriste snáth ar saoghail' (DG 16: 60).

**11** *ód chiontuidh* atá sa lámhscríbhinn: más 'ód chiontaibh' a chum an file ar dtúis, dhéanfadh sé comhardadh leis an bhfoirm neamhchlasaiceach 'tiocfaidh'. Faighimid comhardadh idir 'ciontaibh' agus 'tiocfaidh' i ndán i Leabhar Méig Shamhradháin ach tá sé seo eisceachtúil; feic Lambert McKenna, *The Book of Magauran: Leabhar Méig Shamhradháin* (Dublin 1947) 22, rann 4, agus SNG IV, 7.24. An bhrí a bhainim as na focail seo ná gur pheaca don mbean an t-urlabhraí a mhealladh lena háilleacht.

**12** *ina*: *na* atá sa dá LS. Athraíodh é seo san eagrán chun go mbeadh seacht siolla sa líne.

*chroidheirg*: tá deireadh an fhocail seo gearrtha amach in D: soláthraíonn an focal *croidheirg* rinn agus ardrinn sa rann, agus deineann an réiteach seo conchlann leis an gcéad fhocal sa véarsa a leanann. Feic eDIL *s.v. croderg* agus an fhoirm 'croidhearg' i Leabhar Í Eadhra (O'Hara 32.25a). An léamh a dheinim ar an líne ná gurb é an bás a luaitear i líne 9 a thiocfaidh ina chaor chraorac trí chorp an fhir. Cf. an cur síos seo a leanas ar an ngrá: 'an tol-sain (gá tine is teo?) / im chridhe 'na cosair chró' (DG 69: 33–4).

**13** *a chroidhearg-ghuib*: *a chroidh dheargghuib* atá in D. Tá dhá shiolla neamhaiceanta sa chéim thosaigh, rud a d'fhágfadh neamhchosúil leis na línte eile sa véarsa í. Ach, dá ndéanfaí coimriú ar an gcéad siolla acu seo (/a xrəirɣib′/), shlánófaí an mheadaracht.

*chubhartha*: *chubhurrtha* atá in D ach ní foláir nó is í an aidiacht 'cumhra' / 'cumhrae' / 'cubhartha', 'fragrant, sweet' a thagraíonn do na céadfaí boladh agus blas atá anso agus nach ón ainmfhocal 'cubhar' é. Feic eDil *s.v. cumrae*.

**15** *a ghreadhnaigh*: *agroid*- le líne móide ponc ar an litir d atá sa dá LS. Tá an focal 'gheal' scríofa díreach i ndiaidh an fhocail seo in D ach scriosadh amach é: ós rud é go bhfaighimid an comhfhocal 'dreachgheal' níos faide ar aghaidh sa líne, ní fhéadfadh gurb é seo an focal a bhí sa dán nuair a cumadh ar dtús é. Cuireadh 'a ghreadhnaigh' isteach san eagrán mar go sásaíonn sé an mheadaracht: is é atá anseo ná an aidacht 'greadhnach' (glad, joyous, exulting) á húsáid mar ainmfhocal. Faighimid an úsáid seo sa dán *A Bhláthmhúirneach ghrástamhail 's a Mhaighdean dil* a scríobh Mícheál Óg Ó Longáin chun na Maighdine Muire: *Cuir lámh liúm, a sháirshiúir 's a ghreadhnaigh ghil*; feic Torna, 'Religious poems by Mícheál Óg Ó Longáin' *The Irish Ecclesiastical Record* 3/5 (1914) 483–91 (ag 488).

*data*: 'pleasant, agreeable' is brí leis seo. Feic Duinn. *s.v.* agus eDIL *s.v. dattae*.

**16** *sunn*: is é seo atá sa dá LS. Níor mhór é seo a rá le –ú– fada chun deilbh na meadarachta a chomhlíonadh.

**17** *chriadh*: ginideach; foirm an tabharthaigh atá sa lámhscríbhinn.

**18** *fuaras*: 'go bhfuaras' atá sa dá lámhscríbhinn. Baineadh 'go' amach chun líne le seacht siolla a sholáthar.

*claidhchiabh*: b'éigean téacs D a leasú anseo mar tá an leathanach gearrtha agus níl an focal ar fad le feiscint. Is é atá in C ná *claidhreidh*, focal nach soláthraíonn airdrinn. Tá samplaí againn den bhfocal 'cladh' á thagairt do ghruaig mná: féach eDIL *s.v. clad* agus féach an dá fhocal 'cladh' agus 'ciabh' le chéile sna línte 'a-tá dá chéibh 'n-a gcludh ronna' (AithD 28.34) agus 'do chéibh na ccladh mbraointe mbán' (O'Hara 3285).

**21** *i bpráidhinn*: *abraing* atá sa dá LS, is é sin, ní foláir, 'práidhinn' eDIL agus 'práinn' na Nua-Ghaeilge, 'in need'; 'im ríghe': 'in my control', féach eDIL *s.v. rige* (b). Faightear 'nn' caol ag deireadh focail á fhuaimniú mar 'ng' ó Mhúscraí soir go dtí na Déise agus in oirthuaisceart Chontae an Chláir; feic SNG VI, 2.27. Sílim go bhfuil an file ag tagairt do mhná neamhphósta an domhain anseo — táid 'i bpráidhinn' toisc nach bhfuil fear céile acu. Cf. an tagairt do 'p[h]ráinn na mílte brídeach aonta' i g*Cúirt an Mheon-oíche*; feic Liam P. Ó Murchú (eag.), *Cúirt an Mheon-oíche le Brian Merríman* (Baile Átha Cliath 1982) 41, l. 834. Ón méid atá léite agam de na téacsanna eile in D, tá an litriú foghrúil 'braing' eisceachtúil.

**21–4** Cuirtear smaoineamh dealraitheach leis seo in úil in DG 24: 'Bíodh nár fionnadh riamh ruimhe, / méad mo chumainn dí tar chách, / ní bhfuil, ní bhiaidh, is níor imthigh / bean is truime ghoid mo ghrádh.'

**22** *'on*: *an* atá sa dá LS. ach is fearr a oireann ''on' (don).

*i mbéal na slighe*: 'on the open road'. Cf. IPB uimh. 30, rann 5: 'ar bhél na slighiodh'.

**23** *lonnruisc*: súil lonnrach.

*éarla*: *éala* a bhí sa téacs ar dtús agus ceartaíodh go dtí *éarla* é. Is gnáthaí gan síneadh fada a bheith air ach guta fada is gá anseo *metri causa*. Feic eDIL *s.v. airla* agus Duinn. *s.v. urla*.

**28** *ógh*: 'óg' atá sa dá LS ach *ógh* atá ag teastáil *metri causa*.

**29** *náireach*: níl céadlitir an fhocail seo le feiscint in D. Tá an focal iomlán tagtha slán in C.

**32** *inn*: *sinn* atá in D ach is fearr a bheadh an fhoirm *inn* den bhforainm anseo chun an conchlann a sholáthar le *innis* sa chéad líne eile.

**33** *lat*: 'leat' atá sa dá LS.

**35** *chách*: tá smál ar an litir deiridh anseo ach tá ponc an tséimhithe le feiscint go soiléir. Soláthraíonn an leasú *cha[]h* > *chách* comhardadh le *tráth*, murab ionann is léamh C — *chath*.

*ar gcor*: tá an t-urlabhraí ag caint air féin anseo ('my predicament').

**37** *an saorthair*: an briathar 'saor', an dara p.u., aimsir fháistineach. Níl an chéad litir den bhfocal *an* le feiscint in D mar tá ciumhais na bileoige gearrtha agus tógadh an léamh ó C dá bhrí sin.

**38** *daorbhroid*: *daoirbhroid* atá sa dá LS. Ní mór *daor* a rá anseo le guta fada *í*.

**39** *a bhéal*: tá an focal 'béal' á úsáid go meatonaimeach anseo. Feic eDil *s.v. bél* I (b). Báitear an mhír ghairmeach 'a' anseo ós rud é go gcríochnaíonn an focal roimhe ar ghuta neamhaiceanta eile.

*uainruisc*: foirm aonsiollach atá in *uain* anseo i gcomhfhocal de 'uaine', green, blue. Gabhann 'uaine' go maith le 'rosc' mar aidiacht.

**41** *gan fhuasgladh*: tá tús na líne gearrtha in D. Tá an léamh *gan* bunaithe ar a bhfuil in C. Tá urú ar an bhfocal 'fuasgladh' sa dá lámhscríbhinn.

**43** *ionnramh*: is é atá scríofa sa lámhscríbhinn ná *ionnr* le líne agus ponc os cionn an litir 'r'. Sílim gurb é an focal 'ionnramh' (*indrem*, *indram* eDIL) is oiriúnaí anseo, i.e. 'guidance, direction'.

*sinne*: athraíodh 'sin*n*' na lámhscríbhinne D anseo chun go mbeadh seacht siolla sa líne.

*tinn*: 'teinn' atá sa dá lámhscríbhinn.

**45** *stúairigh* a thugann D.

**46** *oinigh*: *oinidh* atá sa lámhscríbhinn. Is cosúil gurb é seo an focal 'oineach' sa tuiseal gairmeach.

**47** *mheisi*: ní mór é seo a rá le 'i' gearra anseo.

**49** *Och!*: níl céadlitir an fhocail seo le feiscint in D; 'ach' atá in C ach is fearr a dheineann an focal 'och' conchlann le *bocht* i líne 48. Tá siolla breise sa líne seo sa dá lámhscríbhinn: baineadh an focal *do* as an líne sa téacs chun an locht seo a cheartú.

**50** *thoirchim*: tá an t-ainmfhocal seo firinscneach anseo agus is ionann an t-ainmneach agus an ginideach uatha. Feic eDil *s.v. tairthim*.

**51** *ná*: *na* atá in D ach *ná* is fearr a oireann.

*ná gearr an glas*: an chiall a bhainim as seo ná go bhfuil an fear ag impí ar an mbean gan an ceangal eatarthu a scor.

***

**1** *is leathbhán crú*: seo sampla de mhóitíf na báine is na deirge ag cumas le chéile i ngrua na mná, móitíf atá coitianta sna hamhráin ghrá. Feic

Seán Ó Tuama, *An Grá in Amhrán na nDaoine* (Baile Átha Cliath 1960) 127.

**4** *tailimh-se*: ginideach uatha firinscneach faoi mar atá inniu i Múscraí, in iardheisceart Chorcaí agus in Uíbh Ráthach. SNG VI, 3.14. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil brí ghnéasach leis an líne seo agus go bhfuil an t-urlabhraí ag cáineadh na mná as a hóghacht a chosaint.

**6** *gearra*: gnáthfhorás i nGaeilge na Mumhan é an t-athrú 'gearr' > *gearra*. Is fearr a smachtaíonn srian gearra capall. Deineadh an t-athrú *foláir* > *faláir* anseo ar mhaithe leis an amas inmheánach.

**8** *dod bheartaibh*: ó do bheartaibh, de dheascaibh do bheart.

*dom char fá phúir*: *thanat* atá sa dá LS agus tá deireadh an fhocail in easnamh in D mar go bhfuil an bhileog stractha; chuir Ó Comhraí, scríobhaí C, ponc i ndiaidh an fhocail. Ní dócha gur 'tanughadh' (decimating) a bhí sa bhuntéacs mar ní oireann sé don meadaracht. Deineadh an leasú *thanat* > *char fá phúr* san eagrán mar go sásaíonn sé patrún na meadarachta agus gur féidir ciall a bhaint as sa chomhthéacs (.i. tá an baol ann go raghaidh an fear go hifreann) ach ní fios cad a bhí ann an chéad lá riamh.

## Aistriúchán

1–4 I received a bounty for which I am worse off: a sight in nightly visions is driving me into your prison of longing, o gentle, graceful-fingered and fair-breasted one.

5–8 O comely, judicious, gentle, affectionate, fair-breasted one, brightness in your coloured, clear, fresh, blessed cheek and columns of soft, flowing, waving, curly hair: the sight of them [and] the consequence of [seeing] them destroyed me and my attention [was thereafter] on death.

9–12 A weary death through me and inside me will yet cut the very root of my life: through my side, stinging, on account of your sins, it will come like a blood-red lightning bolt.

13–16 O balmlike, sweet, fragrant, chaste, crimson-lipped one of the languid green eye the colour of dew on ground, o bright-complexioned joyous pleasant one of the freshest hue, I dreamed that I gave you here a kiss.

17–20 I received my satisfaction from your earthly body, o curly-haired one

of the furrowed locks, by the oath befitting me, is not true for anyone in the world [to say that].

21–4 [Were] the women of this world who are in need under my control and [were I] to have my choice of that flock on the open road, o gentle, slow-moving, glinting-eyed one of the yellow lock[s], I would choose you forever over all others.

25–8 On account of you, painful afflictions came to destroy my mind, o blue-eyed one, o gentle-voiced one, o noble, modest maiden.

29–32 Shameful of you, o mild sweet maiden of the soft white skin of the brightest hue of all, the state in which you put me in painful oppression: imminent death upon me that will finish me.

33–6 Tell me although it is troublesome for you, as I am in distress over you and as my predicament is oppression for everyone, when will you think of releasing me?

37–40 Will you ever free me, o quiet, fine, gentle-voiced one, from this piercing oppressive captivity you placed upon me or, o speaker of the truthful words and the fresh green eye[s], is it my fate to be forever fixated on you without release?

41–4 To be unreleased, o braided one descended from munificent lords, I am without direction, sick and feverish: I think it is strange of you.

45–8 This is strange of you, o fair, innocent beauty, o most lofty noble one possessed of the excellence of the high kings: I am alone, alas, in this danger — my oppression and woe — my sorrow that I am so wretched.

49–52 Alas! I glimpsed in the middle of my sleep a sight that burns me; do not release me from this view: the best sight I ever saw.

***

1–4 O young blazing delightful one whose cheek is half white and half the colour of blood (and) of the loosely-falling, curly locks, take up a hurley and o great desire of my soul, you are better than any two men of this earth at guarding the rear.

5–8 O chalk-white, gentle, noble branch of the pleasant green eyes, a rough, short bridle is what is necessary for you and it is thought throughout Ireland, o gentle branch, that it is to be feared that God in heaven, resulting from your deeds, will place me in tribulation.

## Giorrúcháin

AithD Lambert McKenna, *Aithdioghluim dána: a miscellany of Irish bardic poetry, historical and religious, including the historical poems of the duanaire in the Yellow Book of Lecan edited with translation, introduction, notes and glossary* I (Irish Texts Society XXXVII, Dublin 1939).

ARÉ Acadamh Ríoga na hÉireann.

BL British Library.

DD Láimhbheartach Mac Cionnaith*, Dioghluim dána* (Baile Átha Cliath 1938).

DG Thomas F. O’Rahilly, *Dánta grádha. An anthology of Irish love poetry 1350–1750* (Cork 1926).

Duinn. Patrick S. Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Baile Átha Cliath 1934).

eDIL *Electronic dictionary of the Irish language* http://dil.ie/.

IBP Osborn Bergin, *Irish bardic poetry* (Dublin 1970).

LNÉ Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

O’Hara Lambert McKenna, *The Book of O’Hara: Leabhar Í Eadhra* (Dublin 1951).

SNG Kim McCone *et al.* (eag.), *Stair na Gaeilge in ómós do P[h]ádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad 1994).

TCD Trinity College Dublin.